

Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Déardaoin an 15 Feabhra 2021 ar 11: 00

Físchomhdháil

An Bord	I láthair: Eoin McVey, Cathaoirleach an chruinnithe; An Dr Marie Bourke; An tOll. Maeve Conrick; An Dr Conor Kostick; Katherine McSharry; Jennifer Taaffe.
An Fhoireann	I láthair: An Dr Sandra Collins, Stiúrthóir; Orla Sweeney, Rúnaí.

1. Cur in aithne agus cathaoirleach a ainmniú ar an gcruinniú

Ghabh an Stiúrthóir a buíochas leis na comhaltaí Boird as a ndúthracht agus as a seirbhís do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar atá léirithe acu sa mhéid is gur ghlac siad lena gceapachán ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Chuir an Stiúrthóir fáilte ar ais roimh an Oll. Maeve Conrick, an Dr Conor Kostick, Katherine McSharry, Eoin McVey agus Jennifer Taaffe mar chomhaltaí atá ceaptha arís chun an Bhoird agus chuir sí fearadh na fáilte roimh an Dr Marie Bourke mar chomhalta Boird nuacheaptha. Dúirt an Stiúrthóir leis an mBord go bhfuil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a úsáid chun folúntais ar an mBord a fhógairt ar www.stateboards.ie.

Chuir na comhaltaí Boird iad féin in aithne agus thug achoimre ghearr ar a mbeathaisnéis ghairmiúil, cuntas gearr ar théarma a gceapacháin agus, i gcás comhaltaí athcheaptha, luaigh siad a ról ar an mBord nuair ba chúig agus na ról a bhí acu roimhe seo ar choistí de chuid an Bhoird.

Mhol an tOll. Conrick Eoin McVey le bheith mar Chathaoirleach ar an gcruinniú. Chuidigh Jennifer Taaffe leis an moladh. Thacaigh an Bord le hainmniú Eoin McVey mar Chathaoirleach ar an gcruinniú.

Chuir comhaltaí an Bhoird iad féin in aithne dá chéile. Thacaigh an Bord le hainmniú Eoin McVey mar Chathaoirleach ar an gcruinniú.

2. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam i láthair ar an gcruinniú. Níor mhol an Bord aon leasuithe a dhéanamh ar an gclár oibre. Mar fhreagra ar an gceist ón gCathaoirleach, ní raibh aon leasanna le nochtadh ag an mBord. Thug an Bord comhairle an Chathaoirligh ar aire go mbeadh nithe ag éirí as ina mír ar chlár an chéad chruinnithe Boird eile.

Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcruinniú Boird ach amháin má luaitear a mhalairt.

Dheimhnigh an Bord go raibh córam i láthair ann agus níor nochtadh aon leasanna.

3. Dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 10 Meán Fómhair 2020 agus a bhfoilsíú

D'fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an

10 Meán Fómhair 2020 gan leasú agus foilsíú na miontuairiscí faofa sin, téacs folaithe iontu de réir mar is iomchuí.

4. Tuairisc an Stiúrthóra

Thug an Stiúrthóir faisnéisiú ó bhéal don Bhord mar seo a leanas:

- Tuarascáil Bhliantúil 2019: Déanfar Tuarascáil Bhliantúil 2019, a foilsíodh agus a leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais, a chur ar fáil don Bhord mar chuid den phacáiste ionductaithe

a bheidh acu.

- Airgeadas: Tá cuntais bhainistíochta mhíosúla do 2020 agus Buiséad 2021 ullmhaithe agus cuirfear iad faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ansin faoi bhráid an Bhoird. Tugadh forléargas ar an earcaíocht a rinneadh in 2020.
- [REDACTED]
- LNE a shamhlú as an nua: Tugadh léargas ginearálta ar chlár tógála an sciatháin thiar chomh maith le breac-chuntas ar Chéim 2 atá ar siúl faoi láthair. Maille leis an gclár, tá oibreacha cumasúcháin ar bun freisin in 2/3 Sráid Chill Dara le go mbeidh baill foirne ar gá dóibh aistriú ón sciathán thiar in ann é sin a dhéanamh sula gcuirfear tús le hoibreacha móra tógála. Tabharfar cuireadh don Cheannasaí Eastát faisnéis a thabhairt don Bhord faoin gclár, rialachas agus pleananna deartha san áireamh, sa chéad chruinniú Boird eile.
- Straitéis: Ós rud é go dtiocfaidh deireadh le straitéis reatha LNE in 2021, b'éigean tús a chur leis an obair leis an straitéis nua a fhorbairt sular ceapadh an Bord reatha. Tabharfar faisnéis sa chéad chruinniú Boird eile maidir leis na tosaíochtaí straitéiseacha agus spriocanna eagraíochta do 2021 agus maidir le forbairt na straitéise nua. Déanfar ceardlann a sceidealú don Bhord leis an straitéis nua a fhorbairt.
- Láithreán gréasáin: Tá láithreán gréasáin nua á fhorbairt faoi cheannaireacht Katherine McSharry, an Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí Forbartha.
- An Beartas um Fhorbairt na mBailiúchán: Tá moill ar an mBeartas um Fhorbairt na mBailiúchán athbhreithnithe agus

na treoirínite a ghabhfaidh leis mar gheall ar thionchar COVID-19 ar oibríochtaí na dtrí roinn um bailiúcháin atá ag obair ar an mbeartas a fhorbairt. Tabharfar cuireadh do Choimeádaí na Sainbhailiúchán, do Cheannasaí gníomhach na mBailiúchán Foilsithe agus do Cheannasaí na mBailiúchán Digiteach faisnéis a thabhairt don Bhord mar chuid den chéad chruinniú Boird eile.

- I dtreo Poblachta: Tá moill ar ghné an digitithe sa dara tionscadal a bhaineann le Deich mBlíana na gCuimhneachán mar gheall ar na srianta in aimsir COVID-19. Tá pleananna á bhforbairt le dul i ngleic leis an riaráiste nuair a osclófar an Leabharlann arís.

D'fhreagair an Stiúrthóir ceisteanna ón mBord maidir leis an tionscadal LNÉ a shamhlú as an nua agus thug sí achoimre mhionsonraithe don Bhord ar amlíne, costas agus rialachas an tionscadail ó ceapadh ar dtús é. Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an mbunús a bhaineann le hathruithe atá déanta nó a mheastar a dhéanfar i ngach ceann de na nithe sin. D'fhreagair an Stiúrthóir ceisteanna ón mBord maidir leis an amlíne leis an láithreán gréasáin a fhorbairt agus le haghaidh na n-oibreacha cumasúcháin in 2/3 Sráid Chill Dara.

Thug an Bord tuairisc an Stiúrthóra ar aire.

5. Soláthar: Seirbhísí slándála a sholáthar

Chuir an Stiúrthóir páipéar i láthair dar teideal 'Soláthar: Seirbhísí slándála a sholáthar'. D'fhreagair an Stiúrthóir ceist ón mBord maidir le socruithe slándála in LNÉ le linn uaireanta oifige agus lasmuigh díobh.

Thug an Bord ceadú go ndéanfadh an Feidhmeannas, mar chuid den chonradh reatha idir LNÉ agus Top Security, an rogha a chur i bhfeidhm leis an síneadh deireanach 12 mhí a chur leis an gconradh go dtí an 31 Eanáir 2022 [REDACTED]

6. Ionduchtú an Bhoird

Mar chuid d'ionduchtú an Bhoird, thug an Rúnaí cur i láthair ar rialachas LNÉ. Bhí reachtaíocht agus cáipéisíocht rialachais ábhartha mar bhonn faoin gcur i láthair inar tugadh sonraí faoi struchtúr rialachais an fhorais agus béim ar leith ar an mBord agus gnéithe de, lena n-áirítear comhdhéanamh an Bhoird; príomhfheidhmeanna agus príomhchumhachtaí; freagrachtaí; nithe a ndéanann an Bord cinneadh ina dtaobh; ionchais agus Coistí an Bhoird. Chuir an Rúnaí in iúl don Bhord go gcuirfí an cur i láthair agus an cháipéisíocht a bhain leis chucu i ndiaidh an chruinnithe.

Thug an Bord an cur i láthair ar rialachas LNÉ mar chuid den ionduchtú ar aire.

7. Bealach eatramhach oibre

Chuir an Stiúrthóir páipéar dar teideal 'Bealach eatramhach oibre' i láthair. Rinne an Bord plé ar an mbealach ar mhaith leo a bheith ag obair go dtí go líonfar na folúntais ar an mBord.

I dtaca le sceideal na gcruinnithe, chomhaontaigh an Bord gur chóir cruinnithe Boird a sceidealú go mbeidh siad ann gach 2 mhí in 2021, Iúil/Lúnasa san áireamh; tá 2 uair an chloig ar a mhéad le sceidealú do gach cruinniú Boird; féadfar 2 cheardlann straitéise a sceidealú leis, de réir mar is gá, roimh dheireadh na bliana.

I dtaca le Tuarascáil ráithiúil an Fheidhmeannais don Bhord, chomhaontaigh an Bord gur chóir plé a bheith ann idir an Bord agus an Stiúrthóir faoin mír chuí ar an gclár oibre agus an tuarascáil mar bhonn eolais faoin bplé sin.

8. Séala an Bhoird

Chuir an Stiúrthóir páipéar dar teideal 'Séala an Bhoird' i láthair.

Thug an Bord údarás d'aon chomhalta den Bhord a shíniú nó a síniú a úsáid le séala an Bhoird a fhíordheimhniú agus aon

duine den triúr comhaltaí den Fheidhmeannas atá sa liosta thíos mar oifigigh oiriúnacha den Bhord le séala an Bhoird a fhíordheimhniú lena síniú: An Dr Sandra Collins, Stiúrthóir; Katherine McSharry, Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí Forbartha agus Colette O’Flaherty, Coimeádaí na Sainbhailiúchán agus Príomh-Aralt na hÉireann.

9. Coistí an Bhoird

9.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

9.1.1 Bunú

D’fhaomh an Bord go gcuirfí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bun.

Rinne an Bord athcheapachán Teresa Harrington a fhaomhadh mar an comhalta seachtrach den choiste le haghaidh téarma suas le 5 bliana.

D’fhaomh an Bord ceapachán an Oll. Conrick mar chathaoirleach ar an gcoiste agus dáta deiridh a téarma le bheith socraithe ag Cathaoirleach an Bhoird.

Rinne an Bord ceapachán an Dr Bourke agus an Uas Taafe mar chomhaltaí coiste a fhaomhadh agus tá Cathaoirleach an Bhoird le dáta deiridh a dtéarma le socrú.

Agus na nithe thuasluaite á meas, thug an Bord ar aire go mb’fhéidir go mbeadh ar Chathaoirleach an Bhoird, nuair a cheapfar an té sin, athruithe a dhéanamh maidir le comhaltas an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, na hathruithe sin ag brath ar scileanna agus taithí na gcomhaltaí Boird eile atá fós le ceapadh; ar an ngá le comhaltaí Boird a cheapadh chun an dá choiste reachtúla atá ag an mBord; agus ó thaobh cothromas inscne de.

Dheimhnigh an Bord dó féin go bhfuil na scileanna cuí

agus taithí chuí ag na comhaltaí atá ceaptha chun an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: cuntasóir cairte atá sa chomhalta seachtrach; go bhfuil réimse scileanna agus taithí ag na comhaltaí Boird, lena n-áirítear tuairisciú airgeadais, rialachas, bainistíocht riosca agus taithí ar Choistí Iniúchóireachta agus Riosca; agus go raibh cathaoirleach nua an choiste mar chomhalta de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird roimhe seo.

Níor moladh aon leasuithe a dhéanamh ar théarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

9.1.2 Tuarascáil Bhliantúil 2020

Thug an Bord an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don bhliain airgeadais 2020 ar aire.

10. Aon Ghnó Eile

Ar iarratas ón Stiúrthóir, chomhaontaigh an Bord gur chóir don Chathaoirleach ar an gcruinniú fanacht i ról an Chathaoirligh go dtí an chéad chruinniú Boird eile agus feidhmiú mar phointe teagmhála an Stiúrthóra leis an mBord agus, nuair is cuí, tabhairt faoi aon fhreagrachtaí a dtabharfadh Cathaoirleach an Bhoird fúthu.

11. Dáta agus am an chéad chruinnithe eile

Chomhaontaigh an Bord cruinniú a bheith ann trí mheán na físchomhdhála Déardaoin an 8 Aibreán 2021 ar 11am.

Chuir Cathaoirleach an chruinnithe deireadh leis an gcruinniú.